



Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail

Plean Chur Chun Feidhme 2024-2025

Cathair na Gaillimhe — Áit atá ag Athrú

Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail

Plean Chur Chun Feidhme 2024–2025

Cathair na Gaillimhe — Áit atá ag Athrú

Clár na nÁbhar

Sprioc Ardleibhéil 1	Réigiún cathrach cruthaitheach den scoth	1
Sprioc Ardleibhéil 2	Cathair nuálach	5
Sprioc Ardleibhéil 3	Cathair chomhionann agus chuimsitheach	9
Sprioc Ardleibhéil 4	Cathair athléimneach inbhuanaithe	15
Sprioc Ardleibhéil 5	Cathair ina cuirtear sláinte agus folláine chun cinn	21

Plean Forfheidhmithe 2024 – 2025

Is é seo an chéad Phlean Forfheidhmithe do Phlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail do Chathair na Gaillimhe (PÁEP) 2024 go 2029. Leagtar amach ann na gníomhartha atá le seachadadh don tréimhse dhá bhliain ó 2024 – 2025 agus déanfar dlúthmhonatóireacht agus measúnú air sula n-athbhreithneofar agus leasófar é chun cuidiú le hullmhúchán an dara Phlean Forfheidhmithe 2026 – 2027. Cuirfidh an cur chuige nua níos solúbtha seo i leith chur i bhfeidhm an PÁEP ar chumas Chomhairle Cathrach na Gaillimhe agus a comhpháirtithe gníomhartha a aithint nach bhfuil tionchar sásúil acu agus gníomhartha a chur ina n-ionad a d'fhéadfadh a bheith ag teacht níos fearr le fíis agus spriocanna foriomlána an PÁEP a bhaint amach. Ceadóidh an t-athbhreithniú freisin gníomh nó fócas nua a chur san áireamh arna stiúradh ag beartais, maoiniú nó imthosca athraithe.

Cuimsíonn an Plean Forfheidhmithe gnéithe pobail agus eacnamaíochta thar na 5 Sprioc Ardleibhéil agus 17 Cuspóir an PÁEP. Aithníodh struchtúir seachadta agus meicníochtaí do gach gníomh. Leagann Pleananna Forfheidhmithe amach na gníomhartha comhaontaithe atá le cur i bhfeidhm ar cheart go gcuideodh siad le baint amach na gCuspóirí agus na Spriocanna Ardleibhéil a leagtar amach sa Chreat PÁEP. Forbraíodh na gníomhartha trí chur in ord tosaíochta bunaithe ar an gCreat PÁEP, comhthéacs agus taithí agus na hacmhainní daonna agus airgeadais atá ar fáil chun na gníomhartha a chur i bhfeidhm sa tréimhse dhá bhliain seo.

Feidhmeoidh Creatphlean Áitiúil Eacnamaíochta agus an Phobail do Chathair na Gaillimhe thar thréimhse sé bliana ó 2024. Forbrófar Pleananna Forfheidhmithe, arb é seo an chéad cheann díobh, gach dhá bhliain. Cuimseoidh na Pleananna Forfheidhmithe seo gníomhartha soiléire agus intomhaiste bunaithe ar na Spriocanna Ardleibhéil agus na Cuspóirí sa Chreatphlean agus léireoidh siad na haighneachtaí a fuarthas trí chomhairliúchán agus seasaimh bheartais reatha. Faomhfaidh an Coiste Forbartha Pobail Áitiúil agus Coiste Beartais Straitéisigh Chomhairle Cathrach na Gaillimhe ar Fhorbairt Eacnamaíoch na Pleananna Forfheidhmithe. Tá an fhreagracht as cur i bhfeidhm, monatóireacht agus athbhreithniú an PÁEP a bhrú chun cinn ar bhaill an CFPÁ, an CBS um Fhorbairt Eacnamaíoch, Tacaíochta Fiontair agus Cultúir agus Comhairle Cathrach na Gaillimhe.

Sprioc Ardleibhéil 1 — Réigiún cathrach cruthaitheach den scoth



Sprioc Ardleibhéil 1 — Réigiún cathrach cruthaitheach den scoth



Cuspóir Forbartha Inbhuanaithe	Gníomh	Toradh an Ghnímh	Príomh-Chomhpháirtí	Struchtúr Comhoibrithe
Leanúint ar aghaidh ag tacú le forbairt na hearnála cultúrtha , chun tuilleadh feabhais a chur ar ról Chathair na Gaillimhe mar chathair nuálach, chuimsitheach, chomhoibritheach den scoth a bhfuil cáil dhomhanda uirthi.	Gníomhartha i “Treonna Nua – Plean Straitéiseach do na hEalaíona 2021 - 2026” a chur chun feidhme.	<p>Tacaíochtaí a mhéadú chun teagmháil dhíreach a dhéanamh le healaíontóirí le pobail áitiúla (a mbeadh a gcuid rannpháirtíochta leis na healaíona agus leis an gcultúr roimhe seo teoranta) trí chónaitheachtaí ealaíontóirí atá bunaithe sa cheantar / ealaíontóirí atá bunaithe sa phobal agus trí thionscadail um áiteanna cruthaitheacha</p> <p>Cur chun feidhme agus seachadadh tionscadal sonracha lena n-áirítear - Clár Cónaitheachta Ealaíontóirí; Deontas Ealaíon – Sraith I & II; Deontais Banna; Sparántacht do Chleachtóir Cruthaitheach Aonair; Oíche Chultúir; Cathair Scannán UNESCO; tionscadail Ealaíon Óige; Ealaíona & Míchumas</p> <p>An Scéim Comhpháirtíochta Cultúir a fhorbairt tuilleadh le comhpháirtithe ealaíon agus cultúir atá ann le fada an lá lena n-áirítear Féile Ealaíon Idirnáisiúnta na Gaillimhe, Macnas, Amharclann Druid, Baboró, Ionad Ealaíon na Gaillimhe agus comhpháirtithe eile atá le comhaontú</p>	Comhairle Cathrach na Gaillimhe	CBS um Fhorbairt Eacnamaíoch, Pobail agus Cultúir / An Chomhairle Ealaíon
	Gníomhartha i Straitéis Cultúir & Cruthaitheachta Chomhairle Cathrach na Gaillimhe 2023 – 2027 a chur chun feidhme	<p>Gníomhartha sa Straitéis Cultúir agus Cruthaitheachta a sheachadadh do phobail áitiúla agus do phobail spéise ar thaobh thoir agus thiar den chathair</p> <p>Maoiniú ó Éire Ildánach a leithdháileadh ar thionscadail a chomhlíonann tosaíochtaí straitéiseacha na Straitéise agus a bhaineann leis na pobail chruthaitheacha, leis an ngeilleagar, le feachtas um ghníomhaíochta aeráide, le sláinte agus folláine agus le daoine scothaosta agus an óige.</p> <p>Tionscadal Geilleagar Cruthaitheach de chuid Thionscnamh Cluichí Iarthar na Gaillimhe (WGGI) a thabhairt chun críche</p> <p>Clár comhaontaithe Sláinte & Folláine Cruthaitheach a sheachadadh i gcomhar le hÉire Ildánach agus le Gaillimh Shláintiúil</p>	Comhairle Cathrach na Gaillimhe	Foireann Cultúir & Cruthaitheachta CCG / Éire Ildánach / Ardán / Cathair Shláintiúil na Gaillimhe

Cuspóir Forbartha Inbhuanaithe	Gníomh	Toradh an Ghnímh	Príomh-Chomhpháirtí	Struchtúr Comhoibrithe
	Tionscadail chultúir tosaíochta a leagtar amach i gClár Caipitil Chomhairle Cathrach na Gaillimhe 2024-2026 a chur chun cinn	Dearadh um athchóiriú agus síneadh Mhúsaem Chathair na Gaillimhe / Mhúsaem an Atlantaigh a thabhairt chuig an gcéim tairisceana agus réamhthógála Athchóiriú iomlán ar Theach an Bhansa / Amharclann Oileán Atlantach Tús a chur le hoibreacha agus réamhfheistiú ar spás cultúrtha Bhóthar na gCeannaithe. Tacú le soláthar spásanna oibre breise d'ealaíontóirí (stiúideónna amharcealaíontóirí) Athfheistiú agus athchóiriú roimh ré ar ionad ealaíon 47 Sráid Dhoiminic	Comhairle Cathrach na Gaillimhe	CCG / Fáilte Éireann / RTCEGSM / RTRÁO
Ár stádas mar chathair dhátheangach a dhaingniú agus tacú leis agus leanúint ar aghaidh le tábhacht na Gaeilge a aithint mar acmhainn chultúrtha, phobail agus eacnamaíoch	Cur chun feidhme an Phlean Gaeilge do Chathair na Gaillimhe 2020 – 2026 a chur chun cinn agus tacú leis	Tacú le daoine a bhfuil Gaeilge líofa acu agus leis na pobail Ghaeltachta agus a bhíonn siad ag idirghníomhú leis an gcathair agus le foghlaimeoirí Gaeilge Tacú le seirbhís níos fearr do phobal na Gaeilge sa chathair, leo siúd a labhraíonn an teanga go rialta lena dteaghlach, ina gcuid oibre nó i gcomhthéacsanna sóisialta agus i gcomhthéacsanna eile Leas a bhaint as an tacaíocht do ról na Gaillimhe mar Bhaile Seirbhíse Gaeltachta do phobail Ghaeltachta Chonamara, Bhaile Chláir agus áiteanna eile agus aitheantas a thabhairt do ról cinntitheach na cathrach i dtodhchaí na Gaeltachta Deiseanna foghlama níos fearr chun freastal ar dhea-thoil fhorleathan phobal na cathrach i leith na Gaeilge agus ar an bhfonn de go leor daoine an Ghaeilge a ghabháil chucu féin trí fhoghlaim fhoirmiúil agus neamhfhoirmiúil Staidéar féidearthachta a choimisiúnú agus a fhoilsiú chun Ionad Cultúrtha Gaeilge comhroinnte a fhorbairt i gCathair na Gaillimhe	Gaillimh Le Gaeilge	GleG / CCG / Ollscoil na Gaillimhe / Foras na Gaeilge / RTCEGSM
	An Ghaeilge a léiriú sa tairiscint ealaíonta agus chultúrtha atá ar fáil do chónaitheoirí agus do chuairteoirí na cathrach	Ciste um Chruithú Ábhar Gaeilge don Óige a réachtáil ar bhonn pólótach Tacú le tuilleadh rochtana agus rannpháirtíochta sna healaíona sa Ghaeilge trí thionscadail ar leith a mhaoiniú lena n-áirítear Oíche Chultúir agus trí Chruinniú na nÓg.	Comhairle Cathrach na Gaillimhe	Foireann Straitéise C&C CCG / Ardán / TG4 / Fíabín sa Taibhdhearc / GleG

Cuspóir Forbartha Inbhuanaithe	Gníomh	Toradh an Ghnímh	Príomh-Chomhpháirtí	Struchtúr Comhoibrithe
Na hearnálacha cultúrtha, cruthaitheacha agus oideachais a neartú agus leas a bhaint astu chun deiseanna infheistíochta nua, tráchtálaíochta agus comhoibrithe a mhealladh.	Páirt ghníomhach a ghlacadh i nDúshlán um Chathracha Chliste an Aontais Eorpaigh (ICC) chun réitigh dhigiteacha nuálacha a reáchtáil ar bhonn píolótach chun earnálacha tionsclaíochta cultúrtha agus cruthaitheacha atá athléimneach agus inbhuanaithe a chruthú	Tacaíocht shaincheaptha faighte ó phainéal saineolaithe chun na tionscnamh a dhearadh agus a rolladh amach Roinnt Comhaontuithe Glasa Áitiúla curtha chun feidhme Roinnt tionscnamh curtha chun feidhme	Comhairle Cathrach na Gaillimhe	Croífhóireann ICC
	Cuspóirí Straitéis Cruthaitheachta & Cultúir Chathair na Gaillimhe 2023 - 2027 a chur chun cinn	An Tionscadal Cruthaitheach um an gComhshaol, Gníomhú ar son na hAeráide & Inbhuanaitheachta - “An tAer a Roinnimid” a Sheachadadh chun bearta inbhuanaitheachta a spreagadh i bpobail áitiúla ar fud na cathrach agus tacú leo lena n-áirítear sa Chríos Dícharbónaithe ainmnithe.	Comhairle Cathrach na Gaillimhe	Éire Ildánach / Ollscoil na Gaillimhe / Ionad Acmhainní an Taobh Thiar / Ionad Ealaíon na Gaillimhe
	Cuspóirí comhaontaithe a sheachadadh mar chomhpháirtithe áitiúla faoi thionscadail náisiúnta agus trasteorann “Oileán Comhroinnte”.	Torthaí an tionscadail Oileán Comhroinnte ‘Cultúr a Nascann’ a chur i gcích agus tógáil orthu le comhpháirtithe áitiúla agus trasteorann maidir le comhfhorbairt áite chruthaitheach.	Comhairle Cathrach na Gaillimhe	Roinn an Taoisigh / Comhairlí Ard Mhacha, Dhroichead na Banna & Craigavon / Cuideachta Cultúir na Gaillimhe / ATU / Ionad Ealaíon na Gaillimhe

Sprioc Ardleibhéil 2 — Cathair nuálach



Sprioc Ardleibhéil 2 — Cathair nuálach



Cuspóir Forbartha Inbhuanaithe	Gníomh	Toradh an Ghnímh	Príomh-Chomhpháirtí	Struchtúr Comhoibrithe
Éiceachóras don nuálaíocht, don fhiontar agus don fhiontraíocht a fhorbairt, a spreagadh agus a chruthú lena n-áirítear fiontar pobail/sóisialach atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de	Gníomhartha i bPlean Fiontar Réigiúnach an Iarthair a chur chun feidhme a bhfuil baint ag Comhairle Cathrach na Gaillimhe leis	Fáil níos mó ar bhonneagar agus ar chlár nua-thionscanta gorlainne, luasghéaraithe atá sonrach don earnáil Rochtain mhéadaithe ar chaipiteal luathchéime agus scálaithe Forbairt Daoine agus Scileanna Uasmhéadú a dhéanamh ar chumas na dtionscnamh Moil Nasctha agus Cianobair a Spreagadh chun cabhrú le Comhfhorbairt Áite agus Coinneáil Tallainne Comhionannas inscne, cuimsitheacht, agus éagsúlacht sa nuálaíocht agus san fhiontraíocht a mhéadú	Comhairle Cathrach na Gaillimhe / Oifig Fiontar Áitiúil	Coiste Stiúrtha de Phlean Fiontar Réigiúnach an Iarthair / Fóram Scileanna Réigiúnach an Iarthair
	Tacú le forbairt an gheilleagair shóisialta agus chiorclaigh	Spreagadh d'oiriúnú an gheilleagair chiorclaigh ag an bhfiontar i gcomhar le comhlachtaí poiblí, le tionscal agus le hinstiúidí ardoideachais Raon méadaithe spáis fiontraíochta a chur ar fáil d'fhiontair shóisialta lena dtugtar aghaidh ar imeallú eacnamaíoch Tuilleadh meantóireachta ar fáil agus tacaíochtaí oiliúna/maoiniú méadaithe d'fhiontair shóisialta Rochtain mhéadaithe ar líonraí gnó don nuálaíocht shóisialta agus don fhiontraíocht	Clárfheidhmeoir SICAP	GCC / LCDC
	Tacú le forbairt na céime píolótaí ar ardán nuálach na Gaillimhe 'Innovatex'	Ardán 'Innovatex' forbartha Maoiniú nuálaíochta sonrach á lorg le haghaidh céimeanna breise forbartha an éiceachórais	Ardán 94	Coiste Stiúrtha na Comhghuaillíochta Nuálaíochta

Cuspóir Forbartha Inbhuanaithe	Gníomh	Toradh an Ghnímh	Príomh-Chomhpháirtí	Struchtúr Comhoibrithe
Spiorad de cruthaitheacht, nuálaíocht agus fiontraíocht inár gcathair a chothú	Gníomhartha i bPlean Fiontair Réigiúnach n larthair a chur chun feidhme ina gcothaítear nuálaíocht níos fearr agus ina forbraítear earnáil na Cruthaitheachta	Tionscadal CREW mar mhol agus spóca ar fud an réigiúin, ag forbairt ionad cruthaitheacha sármhaitheasa Earnáil na cruthaitheachta agus an chultúir a bhraisliú, trí naisc nua agus deiseanna nua comhoibrithe Sócmhainní cruthaitheacha a leathnú (m.sh., stiúideo scannáin, áiseanna léiriúcháin) agus leas a bhaint as forbairt atá ag teacht chun cinn i dteicneolaíocht thumach agus sa bheochan Comhoibriú méadaithe idir an tionscal, an saol acadúil, agus taighdeoirí, rud a chabhraíonn le forbairt agus le saothrú tráchtála na maoine intleachtúla cruthaitheacha agus cultúrtha Clár gorlainne um Fhiontraíocht Chruthaitheach agus Forbairt Fiontair (CEED) a sheachadadh.	CREW (Fiontraíocht Chruthaitheach an larthair) / ATU na Gaillimhe	Coiste Stiúrtha de Phlean Fiontair Réigiúnach an larthair
	Tacú le gnólachtaí áitiúla agus iad a chur chun cinn go gníomhach trí Thosaíochtaí Straitéiseacha de chuid Oifig Fiontair Áitiúil na Gaillimhe a sheachadadh	Seirbhísí Faisnéise agus Comhairle Gnó a thacaíonn le fiontraithe, gnólachtaí nuathionscanta agus le gnólachtaí atá ann cheana féin Seirbhísí Tacaíochta Fiontraíochta lena gcuirtear feabhas ar iomaíochas, nuálaíocht agus ar chumas bainistíochta fiontair bheaga agus mhicrifhiontair sa chathair Seirbhísí Tacaíochta Fiontraíochta a sholáthraíonn tacaíochtaí cuí chun cabhrú le fiontraithe fiontair nua a chruthú, lena n-áirítear cláir fiontraithe mac léinn, cláir ghnólachta nuathionscanta agus líonraí a bhaineann go sonrach le tionscal a fhorbairt Fiontair atá ann cheana a fhorbairt chun tacú lena bhfás agus lena leathnú trí dhigitiú, inbhuanaitheacht agus idirnáisiúnú	Oifig Fiontair Áitiúil	CBS um Fhorbairt Eacnamaíoch, Pobail agus Cultúir
	Tacú le tionscadail AEC lena n-áirítear líonra na Mol Nasctha agus cur chun cinn an réigiúin agus tallann a mhealladh	Roinnt tionscadal curtha chun feidhme Roinnt mol nasctha gníomhach	Comhairle Cathrach na Gaillimhe	Lionra Conair Eacnamaíoch an Atlantaigh (AEC)

Cuspóir Forbartha Inbhuanaithe	Gníomh	Toradh an Ghnímh	Príomh-Chomhpháirtí	Struchtúr Comhoibrithe
An claochlú digiteach agus glas a chur chun cinn trí fhiontar agus infheistíocht atá inbhuanaithe agus cuimsitheach don chomhshaol a spreagadh inár gcathair chliste	Speisialtóireacht chliste fuinnimh in-athnuaite a fhorbairt atá nasctha le sócmhainní nádúrtha agus fisiceacha	An réigiún a fhorbairt mar ‘Saotharlann Maireachtála’ chun cabhrú le dul i ngleic le dúshláin a bhaineann leis an gClaochlú Digiteach agus Glas. Straitéis fiontair réigiúnach chun leas a bhaint as acmhainn na gCriosanna Dícharbónaithe An clár NetZero Cities a chur chun feidhme i gcathair na Gaillimhe	Tionscadal NetZero Cities / Comhairle Cathrach na Gaillimhe	Coiste Stiúrtha de Phlean Fiontar Réigiúnach an Iarthair
	Plean Forbartha Taithí Ceann Scríbe (DEDP) a fhorbairt	Spriocanna sa DEDP bainte amach Tairiscint turasóireachta níos cliste, níos glaise, níos nasctha agus níos inbhuanaithe a chumasú Feasacht mhéadaithe ar bhranda turasóireachta na cathrach Feabhas a chur ar scór Chathair na Gaillimhe ar an Innéacs Inbhuanaitheachta de Chinn Scríbe Domhanda	Fáilte Éireann	Tascfhórsa Turasóireachta
	Tairiscint turasóireachta Chathair na Gaillimhe a fhorbairt chun bonneagar inbhuanaithe turasóireachta agus eispéiris chuairteoirí a sheachadadh	Rinneadh roinnt nithe is díol spéise nua a fhorbairt agus tugadh tacaíocht d’fhéilte agus d’imeachtaí Méadú ar an meán áitíochta agus oícheanta leapa Dul chun cinn ar Mhórbhealach Gorm an Iarthair agus Mol Taitneamhachta na nOibreacha Uisce a fhorbairt Cuireadh i gcrích tionscadal na mBailte Ceann Scríbe agus an Tionscadal Beochana Uirbeach ag Barr an Chalaídh Dul chun cinn ar an gcéim forbartha tionscadail ar shuíomh Leisureland agus Pháirc Bhóthar na Trá	Comhairle Cathrach na Gaillimhe	CBS um Fhorbairt Eacnamaíoch, Pobail agus Cultúir
	Páirt a ghlacadh san Fhóram Uile-Éireann um Chathracha Cliste chun deiseanna a aithint agus tacú le seachadadh tionscnamh na gCathracha Cliste	Roinnt comhoibrithe maidir le háiteanna cliste Príomhréimsí straitéis Dhigiteach Chathair na Gaillimhe a chur chun feidhme – Nuálaíocht Dhigiteach, An tSochaí Dhigiteach, Inbhuanaitheacht agus Bonneagar Digiteach.	Comhairle Cathrach na Gaillimhe	Fóram na gCathracha Cliste Uile-Éireann

Sprioc Ardleibhéil 3 — Cathair chomhionann agus chuimsitheach



Sprioc Ardleibhéil 3 — Cathair chomhionann agus chuimsitheach



Cuspóir Forbartha Inbhuanaithe	Gníomh	Toradh an Ghnímh	Príomh-Chomhpháirtí	Struchtúr Comhoibrithe
An bhochtaineacht a laghdú agus míbhuntáiste a mhaolú trí chuimsiú sóisialta, cláir agus tionscnaimh forbartha pobail chuí agus spriocdhírith	Díriú ar thionscnaimh agus ar mhaoiniú do phobail faoi míbhuntáiste a aithníodh sa chlár SICAP	Gníomhartha um chuimsiú sóisialta a chur chun feidhme laistigh de Chlár SICAP 2024+ agus seachadadh pleananna gníomhaíochta comhaontaithe PTFanna comhaontaithe maidir le SICAP a bhaint amach Díriú méadaithe ar acmhainní do phobail faoi míbhuntáiste agus do spriocghrúpaí comhaontaithe Tabhairt faoi Anailís Riachtanas ar cheantar an Bhaile Bháin chun eolas a chur ar fáil maidir le soláthar seirbhísí agus acmhainní amach anseo	Comhpháirtíocht Chathair na Gaillimhe	Comhairle Cathrach na Gaillimhe / LCDC / SCCUL
	Gníomhartha spriocdhírith a sheachadadh tríd an gClár um Fheabhsú Pobail	Maoiniú a leithdháileadh agus clár iomlán a chur chun feidhme chun díriú ar cheantair agus ar ghrúpaí faoi míbhuntáiste An t-ioncam atá ar fáil a uasmhéadú chun tacú le gníomhaíochtaí agus seirbhísí pobail de réir chuspóirí an PÁEP	Comhairle Cathrach na Gaillimhe	LCDC / DRCD
	Straitéis Aoisbháúil a fhorbairt ina gcuimseofar pleanáil le haghaidh sochaí atá ag dul in aois agus a thacaíonn le daoine breacaosta, le haghaidh pobal nasctha, scileanna litearthachta digiteacha agus rochtain uirthi, aoiseachas agus sláinte agus folláine.	Comhordaitheoir Tithe Sláintiúla ceaptha agus cur chun feidhme an Clár um Thithe Sláintiúla a Thacaíonn le Daoine Breacaosta chun cur ar chumas daoine scothaosta leanúint ag maireachtáil ina dtithe nó i dteach atá níos oiriúnaí dá riachtanais Méadú ar bhallraíocht na Comhairle um Daoine Scothaosta chun daoine a choinneáil nasctha agus Eolaire Seirbhísí nuashonraithe	Comhairle Cathrach na Gaillimhe	Éire Aoisbhách / An Roinn Sláinte / Comhairle an Phobail Scoth-Aosta

Cuspóir Forbartha Inbhuanaithe	Gníomh	Toradh an Ghnímh	Príomh-Chomhpháirtí	Struchtúr Comhoibrithe
	A chinntiú go mbíonn na tacaíochtaí tithíochta ag déanamh soláthair do riachtanais grúpaí faoi mhíbhuntáiste lena n-áirítear daoine faoi mhíchumas, an Lucht Siúil agus daoine gan dídean	Plean Straitéiseach Chathair na Gaillimhe um Thithíocht do Dhaoine faoi Mhíchumas 2021 – 2026 a chur chun feidhme agus méadú ar sholáthar tithe do dhaoine faoi mhíchumas Soláthar méadaithe de dheontais um oiriúnú tithíochta i gcomhréir leis an gClár um Thithe Sláintiúla Comhghrúpa Idirghníomhaireachta Chathair agus Chontae na Gaillimhe don Lucht Siúil a bhunú chun feabhas a chur ar rochtain agus ar thorthaí ó sheirbhísí poiblí don Lucht Siúil Ráta an mhéadaithe ar easpa dídine a laghdú agus an Plean Gníomhaíochta Réigiúnach do Dhaoine gan Dídean agus an plean gníomhaíochta áitiúil don chathair a chur chun feidhme	Comhairle Cathrach na Gaillimhe	Grúpa Rochtana do Chách / Grúpa Stiúrtha Tithíochta & Míchumais / Grúpa Idirghníomhaireachta don Lucht Siúil Fóram Réigiúnach an Iarthair do Dhaoine gan Dídean
Aghaidh a thabhairt ar mhíbhuntáiste oideachasúil agus tosaíocht a thabhairt do riachtanais na bpobal atá ag fulaingt de bharr eisiaimh	Cláir Oiliúna Ceannaireachta Pobail a fhorbairt agus a sheachadadh ag úsáid cur chuige oideachais pobail i measc spriocphobal	Tá rochtain ag oibrithe deonacha agus eagraíochtaí pobail ar oiliúint ábhartha ceannaireachta pobail Bonn scileanna na n-oibrithe deonacha in eagraíochtaí pobail a mhéadú Feabhas a chur ar éifeachtacht na gcomhlachtaí pobail chun páirt a ghlacadh ina bpobail féin	GRETB	GCP
	Deiseanna oideachais pobail a chur ar fáil i gcomhpháirtíocht le grúpaí pobail mar chéad chéim ar ais chuig an oideachas	Méadú ar líon na ndaoine is eisiata ag dul ar aghaidh chuig an bhfoghlaim fhoirmiúil	GRETB	GCP
	Béarla a sholáthar do Chainteoirí Teangacha Eile d'fhoghlaimeoirí trí Suaitheantais Dhigiteacha a fhorbairt d'fhoghlaimeoirí ESOL ar leibhéal íseal	Rochtain mhéadaithe ar ESOL agus creidiúnú foghlama méadaithe Deiseanna méadaithe d'fhoghlaimeoirí páirt a ghlacadh i saol pobail, cultúrtha agus eacnamaíoch na cathrach	GRETB	GCP

Cuspóir Forbartha Inbhuanaithe	Gníomh	Toradh an Ghnímh	Príomh-Chomhpháirtí	Struchtúr Comhoibrithe
	Rochtain bhreise a sholáthar ar oiliúint oideachais agus scileanna chun tacú le pobail ar an imeall dul ar aghaidh chuig obair bhríoch atá curtha in oiriúint do thaithí a fuair siad roimhe seo agus/ nó do riachtanais	Glacadh méadaithe ar chúrsaí a bhfuil sé mar aidhm leo infhostaitheacht a fheabhsú trí SICAP Cúrsaí litearthachta digití agus cláir taithí oibre chomh maith leTacaíochtaí Béarla d’Imircigh a chur ar fáil Cláir fhóirdheontais cúram leanaí DCEDIY a chur chun cinn do thuismitheoirí atá ag filleadh ar oideachas nó ar obair Rochtain Wifi i gCóiríocht atá Sonrach don Lucht Siúil chun deiseanna foghlama a leathnú agus rochtain ar acmhainní digiteacha a sholáthar	Comhpháirtíocht Chathair na Gaillimhe	CCG / LCDC / GRETB/ Intreo / Coiste Chúram Leanaí na Gaillimhe
	Leanúint le hobair dheonach a chur chun cinn mar mhodh chun scileanna, taithí agus muinín a fháil	Breathnú ar obair dheonach mar mhodh chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin atá roimh bhail de phobail atá eisiata go sóisialta Leanúint ar aghaidh ag cabhrú le hEagraíochtaí ina bhfuil Oibrithe Deonacha rannpháirteach chun oibrithe deonacha a aimsiú chun méadú a chur ar a gcuid gníomhaíochtaí agus ar an tionchar atá ag a gcuid oibre Leanúint le clár Oibrithe Deonacha Pobail a chur chun feidhme, ag earcú baill de ghrúpaí atá eisiata go sóisialta mar rannpháirtithe deonacha	Ionad Oibrithe Deonacha na Gaillimhe	LCDC / Eagraíochtaí Pobail
Cur chuige comhpháirtíochta a chur chun cinn maidir le hinrochtaineacht agus seirbhísí agus aitheantas a thabhairt do agus feabhas a chur ar an luach a thugann an éagsúlacht don chathair	Tacú le himeachtaí agus cláir idirchultúrtha d’imircigh agus do phobail nua	Imeachtaí agus tionscnaimh Lá na hAfraice arna seachadadh faoi Chláir Tacaíochta Sláinte agus Folláine do Dhídeanaithe na hÚcráine a sheachadadh agus páirt a ghlacadh iontu Páirt a ghlacadh i bhfeachtais phoiblí agus i gcláir feasachta chun dul i ngleic le rátaí méadaithe idirdhealaithe agus chun comhchuibheas sóisialta a chur chun cinn	Seirbhís Tacaíochta Comhtháthaithe Chomhairle Cathrach na Gaillimhe / Cathair na Gaillimhe Shláintiúil	LCDC / GCP
	Tionscadail Chiste Aitheantais Pobail a sheachadadh agus comhtháthú níos fearr a spreagadh idir pobail reatha agus pobail nua	17 dtionscadal CRF curtha i gcrích Méadú a chur ar ionchuimsiú de phobail imirceach sa saol sóisialta ar fud na cathrach agus rannpháirtíocht mhéadaithe i ngníomhaíochtaí áineasa agus taitneamhachta lasmuigh	Comhairle Cathrach na Gaillimhe	Seirbhís Tacaíochta Comhtháthaithe / LCDC

Cuspóir Forbartha Inbhuanaithe	Gníomh	Toradh an Ghnímh	Príomh-Chomhpháirtí	Struchtúr Comhoibrithe
	Comhordú agus seachadadh tacaíochtaí do Thairbhithe Cosanta Sealadaí ón Úcráin	Thug BOTP tacaíocht agus cóiríocht do sheachadadh ranganna teanga agus chuir sé méadú ar an soláthar Tacaíochtaí um ionchuimsiú curtha ar fáil chun rochtain a chinntiú ar sheirbhísí cuí, sláinte, oideachas agus fostaíocht	Comhairle Cathrach na Gaillimhe	Seirbhís Tacaíochta um Ionchuimsiú / GCP/ Ionad Oibrithe Deonacha na Gaillimhe
	Feasacht a ardú ar eispéiris an phobail LGBTI+ agus tacú le cláir chun cuimsiú sóisialta a fheabhsú	AMACH a bhunú! Tionscadal Forbartha Pobail LGBTI+ agus cláir oiliúna agus inniúlachta cultúrtha a sheachadadh Bunaíodh clár um sheirbhísí sláinte agus tacaíochtaí sóisialta a thacaíonn le LGBTI+ Áis a chinntiú do AMACH! Ionad acmhainne agus pobail LGBTI+	AMACH! LGBTI+	GTM / GCCN / FSS / Tacaíocht Teaghlaigh / Tusla / Seirbhísí do Dhaoine gan Dídean / Seirbhísí Foréigean Baile
Tiomantas do chearta daonna, comhionannas, ionchuimsiú agus frith-idirdhealú a léiriú a bheidh ailínithe lenár bhfreagrachtaí faoi Dhualgas Comhionannais agus Cearta Daonna de chuid na hEarnála Poiblí	Seirbhís Tacaíochta um Ionchuimsiú Chathair na Gaillimhe (ISS) a bhunú chun tacaíochtaí a chomhordú d'iarratasóirí ar Chosaint Idirnáisiúnta, do Dhídeanaithe Cláir agus do Thairbhithe Cosanta Sealadaí (BOTP).	Bunú Samhail Rannpháirtíochta Pobail um Chosaint Idirnáisiúnta agus BOTP agus leathnú ar Fhóram Freagartha an Chomhphobail chun tacaíochtaí lánpháirtithe do Chosaint Idirnáisiúnta a áireamh Líonraí tacaíochta a fhorbairt agus acmhainní a chur ar fáil san earnáil phobail chun freagairt do riachtanais áitritheoirí Cuirtear na Caighdeáin Náisiúnta um chóiríocht a thairgtear do dhaoine sa phróiseas cosanta i bhfeidhm ar dhálaí maireachtála agus ar sheirbhísí a sholáthraítear do chónaitheoirí i gcomhréir leis an bhfreagracht as comhionannas a chur chun cinn, cosc a chur ar idirdhealú agus cearta daonna na gcónaitheoirí agus na bhfostaithe a chosaint.	Comhairle Cathrach na Gaillimhe / Seirbhís Tacaíochta um Ionchuimsiú	Meitheal Trasearnála ISS / Clár Cosanta Dídeanaithe na hÉireann / Cuideachta Forbartha Áitiúil

Cuspóir Forbartha Inbhuanaithe	Gníomh	Toradh an Ghnímh	Príomh-Chomhpháirtí	Struchtúr Comhoibrithe
	Gníomhartha ón bPlean Gníomhaíochta Náisiúnta i gCoinne an Chiníochais 2023-2027 a chur chun feidhme	Fóram um Ionchuimsiú Imirceach bunaithe agus bearta a sheachadadh laistigh den Straitéis Idirchultúrtha do Chathair na Gaillimhe (An Tionscadal 'Bridge') Deiseanna maoinithe lánpháirtíochta Eorpaí a fhorbairt do Chathair na Gaillimhe agus tacú leo Tionscnaimh a sheachadadh i gcomhpháirtíocht le Tionscadal SALAAM (Comhghuaillíochtaí Inbhuanaithe i gCoinne Fuatha dírithe ar Mhuslamaigh) lena n-áirítear oiliúint, tacaíochtaí feabhsaithe dóibh siúd a fulaíngíonn de bharr fuath frith-Mhuslamach, ardáin rannpháirtíochta inbhuanaithe agus feachtais feasachta poiblí a fhorbairt	Comhairle Cathrach na Gaillimhe / Comhpháirtíocht Chathair na Gaillimhe	Grúpa Trasearnála ISS / GCCN / FSS / Tusla / Croí na Gaillimhe / SALLAM / Grúpaí pobail
	Ceardlanna oiliúna agus feasachta a réachtáil do bhaill foirne agus d'ionadaithe poiblí faoi chearta an duine, faoi chomhionannas agus faoi fhrith-idirdhealú	Soláthar oiliúna lena n-áirítear dualgas na hearnála poiblí; inniúlacht idirchultúrtha; Inniúlacht chultúrtha LGBTI+, feasacht maidir leis an Lucht Siúil agus frithchlaonadh, frithchiníochas, feasacht míchumais agus cleachtas atá bunaithe ar thráma Curadh Dualgais na hEarnála Poiblí a ainmniú a bheidh in ann feasacht ar PSD a bhrú chun cinn, agus a chomhtháthú i bhfeidhmeanna ar fud gach cuid de CCG Líonra gníomhaireachtaí Dualgais Earnála Poiblí a bhunú chun tacú le forbairt agus le cur chun feidhme an Dualgais	Comhairle Cathrach na Gaillimhe	LCDC / Coiste Cúram Leanaí na Gaillimhe / An Chomhairle um Inimircigh in Éirinn / SALLAM / Eagraíochtaí Pobail
	Aird a thabhairt ar bheartais chomhionannais agus éagsúlachta agus athbhreithniú á dhéanamh ar phleananna agus ar bheartais Tithíochta CCG	Sna Pleananna Cóiríochta don Lucht Siúil, sa Phlean Gníomhaíochta do Dhaoine gan Dídean, sa Straitéis Míchumais agus sna Straitéisí Bainistíochta Eastát breithnítear beartais chomhionannais agus éagsúlachta	Comhairle Cathrach na Gaillimhe	CCG / FSS / ENRanna

Sprioc Ardleibhéil 4 — Cathair athléimneach inbhuanaithe



Sprioc Ardleibhéil 4 — Cathair athléimneach inbhuanaithe



Cuspóir Forbartha Inbhuanaithe	Gníomh	Toradh an Ghnímh	Príomh-Chomhpháirtí	Struchtúr Comhoibrithe
A chinntiú go bhfuil ár gcathair agus ár mbonneagar athléimneach agus oiriúnaitheach d'aeráid atá i mbun athraithe	Plean um Ghníomhú ar son na hAeráide do Chathair na Gaillimhe a fhorbairt agus tionscnaimh a chur chun feidhme	Glacadh le Plean um Ghníomhú ar son na hAeráide de Chomhairle Cathrach na Gaillimhe Bunlíne astuithe a fhorbairt mar thosaíocht ar a mbunófar PTFanna chun an sprioc laghdaithe de 51% ar astaíochtaí a thomhas agus a sheachadadh. Measúnú riosca aeráide a fhorbairt Plean chur chun feidhme an Chríos Dícharbónaithe tugtha chun críche lena n-áirítear forbairt d'áiseanna fuinnimh in-athnuaite	Comhairle Cathrach na Gaillimhe	Climate Gníomh Regional Office
	Gníomhartha a chur chun feidhme laistigh de na ceithre phacáiste oibre de thionscadal Chathair Phíolótach Aeráidneodrach don Ghaillimh	An réigiún a fhorbairt mar 'Shaotharlann Maireachtála' chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin a bhaineann leis an gClaochlú Digiteach agus Glas agus comhstraitéis fiontair réigiúnach chun leas a bhaint as acmhainneacht na gCriosanna Dícharbónaithe. Soláthar méadaithe de chonraitheoirí cáilithe san earnáil um iarfheistiú fuinnimh Rátáil BER feabhsaithe ar thithíocht laistigh de Chríos Dícharbónaithe Chathair na Gaillimhe	Comhairle Cathrach na Gaillimhe	Grúpa Stiúrtha Cathrach Aeráidneodraí
	Tacú le pobail agus iad a chumhachtú tríd an gciste um ghníomhú ar son na haeráide agus trí mháistirphleananna fuinnimh a fhorbairt	Próiseas maoinithe a chomhaontú agus tacú le pobail Rannpháirtíocht i gclár an Chomhphobail um Fhuinneamh Inbhuanaithe a chur chun cinn agus a spreagadh Máistirphleananna fuinnimh i bhfeidhm agus maoiniú idirlinne a sholáthar	Comhairle Cathrach na Gaillimhe	Oifig Réigiúnach um Ghníomhú ar son na hAeráide / SEAI / Institiúidí Tríú Leibhéal

Cuspóir Forbartha Inbhuanaithe	Gníomh	Toradh an Ghnímh	Príomh-Chomhpháirtí	Struchtúr Comhoibrithe
Méadú ar infheistíocht sa gheilleagar ciorclach agus glas agus tacaíocht a thabhairt do ghnólachtaí agus d'fhiontair nua agus reatha san aistriú go geilleagar aeráidneodrach agus leas a bhaint as deiseanna gnó glasa atá ag teacht chun cinn	Páirt ghníomhach a ghlacadh i nDúshlán Cathracha Chliste an Aontais Eorpaigh (ICC) agus Comhaontuithe Glasa Áitiúla a chur i bhfeidhm le gnólachtaí chun an t-aistriú glas agus digiteach a threorú.	Deiseanna nua do shaoránaigh agus gnólachtaí a bhfuil tionchar ag an aistriú chuig geilleagar níos glaise orthu Roinnt Comhaontuithe Glasa Áitiúla curtha chun feidhme Tacaíocht shaincheaptha faighte ó phainéal saineolaithe chun na tionscnamh a dhearadh agus a rolladh amach Roinnt tionscnamh curtha chun feidhme	Comhairle Cathrach na Gaillimhe	Croífhóireann ICC (lena n-áirítear ionadaí ón gCumann Tráchtála)
	Cláir luasaire a sheachadadh chun nuálaíocht inbhuanaitheachta a threisiú	Tacú le fás agus forbairt fiontair ísealcharbóin tríd an gclár Glas do Ghnó agus an Deontas um Éifeachtúlacht Fuinnimh a chur chun cinn Tionscnaimh a fhorbairt chun spreagadh a thabhairt do ghnólachtaí nuathionscanta 'a rugadh i bhfoirm ciorclach inbhuanaithe' Tacú le fiontair chun freastal ar an éileamh tallainne chun geilleagar ísealcharbóin agus inbhuanaithe a thógáil Fiontair atá ag feidhmiú cheana féin san earnáil Ghlas/ Inbhuanaithe a fhorbairt le meantóireacht agus idirghabhálacha spriocdhírthe chun fás agus leathnú a spreagadh Tacú le heolas agus feasacht úinéirí gnó agus fostaithe ar dhúshlán agus deiseanna an gheilleagair chiorclaigh/ ghlais trí imeachtaí faisnéise agus iad a threorú chuig cláir oiliúna fostaithe ábhartha um Skillsnet.	Oifig Fiontair Áitiúil	CBS um Fhorbairt Eacnamaíoch, Pobail agus Cultúir
	Plean feasachta ar an athrú aeráide a fhorbairt agus feachtais do ghnóthaí agus do ghnólachtaí nuathionscanta chun eolas a thabhairt ar conas is féidir bearta um ghníomhú ar son na haeráide a chomhtháthú i ngníomhaíochtaí gnó	Feasacht a ardú i measc teaghlach, gnó agus daoine aonair faoin ngeilleagar ciorclach agus conas is féidir leis a gcuid saolta a fheabhsú Tionscnaimh a chur chun feidhme ina gcuirtear Gaillimh chun cinn ar bhonn náisiúnta agus idirnáisiúnta mar shuíomh gnó inbhuanaithe	Comhairle Cathrach na Gaillimhe	Foireann um Ghníomhú ar son na hAeráide

Cuspóir Forbartha Inbhuanaithe	Gníomh	Toradh an Ghnímh	Príomh-Chomhpháirtí	Struchtúr Comhoibrithe
Ár spásanna glasa, bithéagsúlacht agus an ríocht phoiblí a sholáthar, a chothabháil agus a fheabhsú	Acmhainní a thabhairt le haghaidh gníomhartha sa Phlean Uile-Éireann um Phailíneoirí 2021 – 2025, sa Phlean Oiriúnaithe Earnála um Athrú Aeráide Bithéagsúlachta 2019 agus sa Plean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta Náisiúnta 2023-2027 agus iad a chur chun feidhme	<p>Plean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta Chathair na Gaillimhe 2025 – 2030 a athbhreithniú agus a ghlacadh chun foinsí a aithint agus faisnéis a thiomsú maidir le bithéagsúlacht áitiúil, chun sraith gníomhaíochtaí a leagan amach chun an bithéagsúlacht a chosaint agus feasacht a ardú ina leith agus chun rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara uile a spreagadh chun í a chosaint agus a fheabhsú do na glúine atá le teacht</p> <p>Na hathruithe bunathraithe a theastaíonn a sheachadadh ar na bealaí ina gcuirimid luach ar nádúr agus ina gcosnaíonn muid é trí bhainistiú agus dearadh cuí de spásanna glasa agus tearmainn fiadhúlra lena chinntiú nach dtarlaíonn glanchaillteanas bithéagsúlachta agus go dtarlaíonn glanghnóthachan trí chonairí agus críosanna maolánacha a chruthú chun deiseanna scaipthe fiadhúlra a mhéadú ar fud an tírdhreacha agus chun daoine a nascadh leis an mbithéagsúlacht</p> <p>Leathnú ar an gclár um Spásanna Glasa Sláintiúla, ar na limistéir 'nach ndéantar a lomadh' agus limistéir a thacaíonn le pailíneoirí</p> <p>Pleananna bainistíochta a fhorbairt do limistéir ghlasa lena n-áirítear coillearnacha uirbeacha agus coillearnacha taitneamhachta nua a chruthú i gcomhpháirtíocht le Coillte</p>	Comhairle Cathrach na Gaillimhe	Comhshaol, Caitheamh Aimsire agus Taitneamhacht / CBS
	Acmhainní a thabhairt do thionscadail athnuachana a sainaithníodh i Straitéis Ríochta Poiblí Chathair na Gaillimhe 2019 agus iad a chur chun feidhme	<p>Ríocht phoiblí ardchaighdeán a chur chun cinn atá buan, inbhuanaithe, inrochtana agus cuimsitheach agus a chinntíonn ríocht phoiblí comhtháite sa todhchaí a fhreagóidh do shainghné uathúil na cathrach.</p> <p>Bearta a chuimsiú chun naisc leis an ngréasán glas a chinntiú agus chun gnóthachan bithéagsúlachta a chinntiú laistigh de láithreáin athnuachana uirbeacha.</p> <p>Tionscnaimh Straitéis na Ríochta Poiblí a chur chun feidhme arna dtacú le maoiniú URDF lena n-áirítear tionscadal athnuachana Bharr an Chalaigh; tionscadal athnuachana an mhargaidh éisc; Tionscadal na Faiche Móire (ó thuaidh) agus tionscadal um sráideanna lár na cathrach</p>	Comhairle Cathrach na Gaillimhe	An tÚdarás Náisiúnta Iompair / Foireann Taistil Gníomhach

Cuspóir Forbartha Inbhuanaithe	Gníomh	Toradh an Ghnímh	Príomh-Chomhpháirtí	Struchtúr Comhoibrithe
	Spásanna agus bonneagar glas agus gorm a fhorbairt ar fud na cathrach	<p>Tuilleadh forbartha ar Ghlasbhealaí agus ar Ghormbhealaí le criosanna maolánacha cuí chun fiadhúlra áitiúil a chosaint lena chinntiú nach dtarlaíonn glanchaillteanas bithéagsúlachta agus go dtarlaíonn glanghnóthachan, trí straitéisí deartha cuí de réir dea-chleachtais agus reachtaíochta, ag teacht le bealaí comhaontaithe, agus leithdháiltí maoinithe.</p> <p>Dearadh agus bainistiú spásanna glasa agus gorma ina ligtear do dhaoine taitneamh a bhaint as an dúlra, agus carbóin á gabháil agus athléimneacht a mhéadú maidir le bithéagsúlacht, sláinte an duine, éiceathurasóireacht agus gníomhú ar son na haeráide</p> <p>Mol Áineasa Spóirt Uisce a fhorbairt ag Foirgneamh na nOibreacha Uisce i dTír Oileáin</p> <p>Páirc pobail i mBarr an Chalaigh a chur i gcrích; staidéar féidearthachta ar linn taoide i mBóthar na Trá agus páirc do dhéagóirí / pumpraon, Máistirphleananna Bhaile an Rí agus na Páirce Theas</p> <p>Feabhsú agus leathnú ar áiseanna cuibhrinn ar fud na cathrach</p>	Comhairle Cathrach na Gaillimhe	CBS um Fhorbairt Eacnamaíoch, Pobail agus Cultúir / Comhshaol, Áineas agus Taitneamhacht / CBS
Éascú a dhéanamh d'fhorbairt inbhuanaithe a fheabhsaíonn an timpeallacht nádúrtha , lena laghdaítear úsáid acmhainní, lena spreagtar aistriú cora iompair chuig taisteal inbhuanaithe agus ina ndéantar soláthar do gach riachtanas tithíochta	Tionscadail fuinnimh in-athnuaite a fhorbairt agus úsáid na dteicneolaíochtaí in-athnuaite atá ag teacht chun cinn a leathnú	<p>Leathnú ar chlár éifeachtúlachta fuinnimh an stoic tithíochta sóisialta chun meán-rátálacha BER a mhéadú</p> <p>Feabhas a chur ar éifeachtúlacht fuinnimh na bhfoirgneamh atá ann cheana féin agus beartais a fhorbairt chun foirgnimh nua a bhfuil astaíochtaí nialasacha acu a sheachadadh agus leanúint ar aghaidh ag leathnú an chláir iarfheistithe</p> <p>Fuinneamh in-athnuaite agus an earnáil fuinnimh in-athnuaite a chur chun cinn tríd an tionscadal um Chathracha Aeráidneodracha</p>	Comhairle Cathrach na Gaillimhe	SEAI / Pobail Fuinnimh Inmharthana

Cuspóir Forbartha Inbhuanaithe	Gníomh	Toradh an Ghnímh	Príomh-Chomhpháirtí	Struchtúr Comhoibrithe
	Straitéis iompair na Gaillimhe a chur chun feidhme chun aistriú cora iompair chuig taisteal inbhuanaithe agus gníomhach a spreagadh	<p>Aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna iompair atá sa chathair agus sa chomharsanacht, go háirithe an laghdú ar bhrú tráchta agus ar spleáchas ar charranna trí acmhainn mhéadaithe agus iontaofacht iompair phoiblí agus trí rothaíocht agus siúlóid a chur chun cinn agus a éascú.</p> <p>Tuilleadh forbartha ar ghréasán rothaíochta comhtháite don chathair agus forbairt ar chroíghréasán rothaíochta príomhúil a chomhcheanglaíonn deighilt mhaith ón trácht nuair is praiticiúil Athdháileadh spás bóithre le haghaidh úsáid choisithe, rothair agus iompair phoiblí agus tuilleadh forbartha a dhéanamh ar an Nasc Traschathrach, bealach tosaíochta bus thoir/thiar trí lár na cathrach.</p>	Comhairle Cathrach na Gaillimhe	An tÚdarás Náisiúnta Iompair / Foireann Taistil Gníomhach
		Tacú le hathfhorbairt Stáisiún Cheannt chun líon na n-ardán traenach a mhéadú ó 2 go 5, feabhas a chur ar chaighdeán an iompair phoiblí ag soláthar rochtana níos fearr ar sheirbhísí iarnróid agus bus, nascacht feabhsaithe, agus bacainní taistil do chách	Iarnrod Éireann	
	Dearadh agus forbairt ar an Scéim Faoisimh Tuilte Coirib go Cósta do Chathair na Gaillimhe a chur chun cinn	<p>Pleanáil do bhainistiú inbhuanaithe agus éifeachtach riosca tuilte sa chathair</p> <p>Scéim faoisimh tuilte atá inmharthana, éifeachtach ó thaobh cosatais de agus inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de a mheas agus a dhearadh Dearadh beart struchtúrach chun sainghné chathair na Gaillimhe a aithint</p> <p>Dearadh tírdhreacha cruthaitheacha agus réitigh ailtireachta, ar féidir leo, chomh maith le haghaidh a thabhairt ar bhainistiú riosca tuilte, an tírdhreach uirbeach agus taitneamhacht na ríochta poiblí a fheabhsú agus a chomhtháthú le tionscadail eile atá ag dul ar aghaidh</p>	Comhairle Cathrach na Gaillimhe	Oifig na nOibreacha Poiblí / Idirghníomhaireachta Foireann Chomhordaithe
	Seachadadji na tithíochta sóisialta agus inacmhainne a leathnú faoi Phlean Gníomhaíochta Seachadta Tithíochta Chathair na Gaillimhe 2022 – 2026	<p>Spriocanna bliantúla do thithíocht shóisialta agus inacmhainne a bhaint amach mar atá leagtha amach sa Phlean Gníomhaíochta</p> <p>Leathnaíodh an raon roghanna agus tionachtaí tithíochta Inacmhainne lena n-áirítear forbairt scéimeanna Tithíochta ar Chostas ar Cíos</p> <p>Dul chun cinn a dhéanamh ar na máistirphleananna le haghaidh athfhorbairt láithreán ag Bóthar an Ghainimh agus Bóthar na Díge leis an nGníomhaireacht Forbartha Talún</p> <p>Folúntas agus tréigean a laghdú agus tithe a thabhairt ar ais in úsáid tríd an scéim deontas tithe folmha agus tionscnaimh eile chun aghaidh a thabhairt ar thréigean.</p>	Comhairle Cathrach na Gaillimhe	An Roinn Tithíochta, Rialtas Áitiúil & Oidhreachta / CTCanna / LDA

Sprioc Ardleibhéil 5 — Cathair ina cuirtear sláinte agus folláine chun cinn



Sprioc Ardleibhéil 5 — Cathair ina cuirtear sláinte agus folláine chun cinn



Cuspóir Forbartha Inbhuanaithe	Gníomh	Toradh an Ghnímh	Príomh-Chomhpháirtí	Struchtúr Comhoibrithe
Éagothroime sláinte a laghdú agus torthaí sláinte a fheabhsú trí chlár a chur chun feidhme ina ndírítear ar shláinte fhisiciúil, mheabhrach agus folláine	Comhordú a dhéanamh ar fhorbairt agus ar fheidhmiú gníomhartha sláinte agus folláine trasna na gclár agus na bpleananna	Gníomhartha a forbraíodh trí Chathair Shláintiúil na Gaillimhe; Gaillimh Aoisbhách; Cosc ar Fhéinmharú de chuid an FSS; Tascfhórsa Réigiúnach an Iarthair ar Dhrugaí agus Alcól; Aonad Sláinte an Lucht Siúil, SICAP Méadú ar % na ndaoine fásta agus na leanaí a chomhlíonann treoirilínte gníomhaíochta coirp agus méadú ar leibhéal meabhairshláinte dhearfach an duine aonair de réir an Innéacs Fuinnimh agus Beochta Ballraíocht den Líonra Náisiúnta um Chathracha agus Chontaetha Sláintiúla na hÉireann agus Líonra Cathracha Sláintiúla EDS Deiseanna a sholáthar le haghaidh caitheamh aimsire fisiceach agus idirghníomhú sóisialta chun tacú le meabhairshláinte na mban agus na leanaí a bhfuil cónaí orthu i soláthar díreach Faisnéis agus oiliúint sláinte seachadta trí ISL agus dul chun cinn ar ghníomhartha laistigh den chlár Connecting for Life Seachadadh Tionscnaimh Bia Pobail	An Roinn Sláinte / Comhairle Cathrach na Gaillimhe / Cathair na Gaillimhe Shláintiúil	Cathair na Gaillimhe Shláintiúil / LCDC / Comhpháirtíocht Spóirt na Gaillimhe / GCP / WRDTF / GCCN / Comhaontas Aoisbhá
	Tacú le forbairt Thionscadal Coiscthe Bunscoile Planet Youth 2023-2028	Rinneadh suirbhéanna Planet Youth i ngach iar-bhunscoil agus ionad agus forbraítear tuarascálacha tar éis gach suirbhé Leabhráin 'Planet Youth Guidelines for Parents' scaipthe ar thuismitheoirí gach bliain Oícheanta eolais do thuismitheoirí an chéad bhliana i ngach scoil ina gcuirtear na príomhtheachtaireachtaí in iúl sa leabhrán Planet Youth Guidelines for Parents Comhpháirt líonraithe na dtuismitheoirí den tionscnamh Parent Power a fhorbairt	Tascfhórsa Réigiúnach Drugaí agus Alcól an Iarthair	Planet Youth Gaillimh / GRETB / Comhairle Cathrach na Gaillimhe
	Grúpaí Tuismitheoirí & Lapadán nua agus reatha a chur chun cinn agus tacú leo	Spás sábháilte tacúil a chur ar fáil do thuismitheoirí chun na dúshláin agus an lúcháir a bhaineann le bheith i do thuismitheoir a phlé	Coiste Cúram Leanaí na Gaillimhe	Coiste Cúram Leanaí na Gaillimhe / Comhpháirtíocht Chathair na Gaillimhe

Cuspóir Forbartha Inbhuanaithe	Gníomh	Toradh an Ghnímh	Príomh-Chomhpháirtí	Struchtúr Comhoibrithe
	Gníomhartha Sláinte agus Folláine Luathbhlianta Chathair na Gaillimhe a chur chun feidhme	Sláinte agus folláine tuismitheoirí agus leanaí 0-3 bliana d'aois a chur chun cinn	Cothú & Feabhsú Sláinte FSS / Galway CYPSE	Fochoiste Luathbhlianta Chathair na Gaillimhe de CYPSC Galway
	Raon clár oibre don aos óg a chur ar fáil do dhaoine óga 10-24 bliana d'aois chun freastal ar a gcuid riachtanas folláine	Soláthar seirbhísí óige aois-oiriúnach le rochtain ar oibrithe óige cáilithe a sholáthraíonn obair ghrúpa agus tacaíocht duine le duine do dhaoine óga Tacaíocht chuí do dhaoine óga in Ionaid IPAS, tacaíocht do bhaill óga den Lucht Siúil, tacaíocht do Dhaoine Óga LGBT+ agus tacaíocht do dhaoine óga chun bualadh le chéile i dtimpeallacht shábháilte Seirbhís Comhairliúcháin Óige saor in aisce a chur ar fáil do dhaoine óga 12-21 bliain d'aois lena n-áirítear rochtain ar Theiripeoirí Ógánach	Obair Óige Éireann na Gaillimhe	GRETB / DCEDIY FSS / Tusla
Na struchtúir agus na comhpháirtíochtaí atá mar bhonn agus taca le sábháilteacht agus folláine de mhuintir uile Chathair na Gaillimhe	Plean Straitéiseach an Chomhchoiste Póilíneachta a chur chun feidhme le béim athnuaite ar phóilíneacht phobail agus freagairtí sábháilteachta pobail a fheabhsú	Leibhéal choireachta ísle a choinneáil maidir le príomh-mhéadrachtaí lena n-áirítear gadaíocht, coireacht maoine, eachtraí oird phoiblí agus ionsaí Comhpháirtíocht Sábháilteachta Pobail a bhunú do Chathair na Gaillimhe i gcomhpháirtíocht leis an Údarás Póilíneachta Freagraí feabhsaithe ar fhoréigean teaghlaigh, idirdhealú, ciapadh agus foréigean ar leibhéal áitiúil Seirbhís Ghrinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána a chur ar fáil d'eagraíochtaí a oibríonn le leanaí agus le daoine fásta leochaileacha ionas go mbeidh eagraíochtaí in ann cosaint fheabhsaithe a sholáthar d'úsáideoirí seirbhíse	An Garda Síochána / Comhairle Cathrach na Gaillimhe	Comhchoiste Póilíneachta / Údarás Póilíneachta / GVC
	Leanúint le creidiúnú na Brataí Corcra a bhaint amach agus gníomhartha faoin nGeilleagar Oíche a chur chun feidhme	Comhordaitheoir NTE a cheapadh Creidiúnú Brat Corcra agus gníomhartha curtha chun feidhme faoin Scéim Tacaíochta um Gheilleagar Oíche	Comhairle Cathrach na Gaillimhe	Tascfhórsa Turasóireachta Chathair na Gaillimhe / An Garda Síochána

Cuspóir Forbartha Inbhuanaithe	Gníomh	Toradh an Ghnímh	Príomh-Chomhpháirtí	Struchtúr Comhoibrithe
	Cur chun Feidhme de Straitéis Chathair na Gaillimhe um Díobháil a Bhaineann le Alcól a Chosc agus a Laghdú	Dochar a bhaineann le halcól a chosc agus a laghdú i gcathair na Gaillimhe	Cothú & Feabhsú Sláinte FSS / WRDATF	Fóram Alcóil Chathair na Gaillimhe
	Straitéis Frithchiníochais agus Idirchultúrtha Chathair na Gaillimhe a ghlacadh agus a chur chun feidhme	Ballraíocht i Líonra na gCathracha Idirchultúrtha a bhaint amach agus Foireann Imeacha na nÚdarás Áitiúil bunaithe Oibriú le Tionscadal SALAAM chun sásraí tuairiscithe agus tacaíochta a fhorbairt dóibh siúd a bhfuil ciníochas frith-Mhuslamach á dhéanamh rompu nó dóibh siad a fheiceann an ciníochas sin	Comhpháirtíocht Chathair na Gaillimhe / Comhairle Cathrach na Gaillimhe	LCDC / SALAAM
	Tacú le daoine óga a gcuid guthanna a chur in iúl maidir le saincheistanna áitiúla a mbíonn tionchar acu orthu	Comhairle na nÓg de Chathair na Gaillimhe a bhainistiú agus a chomhordú Tionscadal Ceartais Aeráide Óige a chur ar fáil chun tacú le folláine daoine óga trí fhóram a sholáthar chun saincheistanna ceartais aeráide a phlé agus gníomhartha a fhorbairt i gcomhar le daoine óga. Tacú le bunú seirbhís tacaíochta óige tiomnaithe i mBaile an Phoill Leanúint ar aghaidh ag forbairt na Comhpháirtíochta Áitiúla Cruthaitheacha Óige agus deiseanna a mhéadú do dhaoine óga faoi mhíbhuntáiste chun rochtain a fháil ar ghníomhaíochtaí cruthaitheacha agus comhpháirtíochtaí le heagraíochtaí chun rochtain ar chruthaitheacht a mhéadú	Obair Óige Éireann na Gaillimhe / GCP / GRETB	Comhairle Cathrach na Gaillimhe / Tionscadal Óige Sauti / CFSN

Cuspóir Forbartha Inbhuanaithe	Gníomh	Toradh an Ghnímh	Príomh-Chomhpháirtí	Struchtúr Comhoibrithe
Stíleanna maireachtála sláintiúla a fheabhsú trí chlár agus áiseanna áitiúla spóirt agus gníomhaíochta coirp a fhorbairt	Cathair a chruthú ina gcuirtear sláinte agus folláine chun cinn trí thaisteal gníomhach trí shiúlóid, rith agus rothaíocht a spreagadh agus a éascú mar mhodh iompair agus mar mhalairt ar an gcarr	Cm d'áiseanna nua rothaíochta / coisithe forbartha agus Aghaidh na Scoileanna / Sráideanna Scoile seachadta Tacú le tionscnaimh (Pleananna soghluaisteachta, páirceáil rothair, comhghluaiseacht, rannpháirtíocht pobail lena n-áirítear Bus Rothaíochta Scoile, Scéim Rothar chun na hOibre, comhtháthú iompair phoiblí, limistéir choisithe)	Comhairle Cathrach na Gaillimhe / An tÚdarás Náisiúnta Iompair	Foireann Taistil Gníomhach Comhairle Cathrach na Gaillimhe
	Straitéis Spásanna Glasa Chathair na Gaillimhe a chur chun feidhme agus forbairt áiseanna breise pobail agus áineasa a chur chun cinn	Áiseanna méadaithe lasmuigh do dhaoine óga agus do dhaoine scothaosta chun rochtain a fháil ar ghníomhaíochtaí sláintiúla, chun bualadh le chéile agus chun folláine agus forbairt phearsanta a chur chun cinn Fianaise ar phleanáil chomhtháite trasna codanna agus nasc le bonneagar poiblí Inrochtaineacht fheabhsaithe ar pháirceanna poiblí chun iad a dhéanamh inrochtana do chách agus aoisbháúil Feabhas a chur ar áiteanna súgartha lasmuigh agus ar limistéir ghníomhaíochta do leanaí níos óige chun áiseanna lán-inrochtana a chur san áireamh Dul chun cinn a dhéanamh ar fhorbairt Ionad Pobail an Chaisleáin Nua agus tionscadail maoinithe ag Caipiteal Spóirt	Comhairle Cathrach na Gaillimhe	CCG (Meitheal um Spásanna Glasa) Seirbhísí Óige / Comhairle na nÓg / Comhairle na nDaoine Scothaosta
	Lárionad/Mol Óige tiomnaithe a sholáthar chun deiseanna uilíocha agus spriocdhírthe Oibre Óige a sholáthar do dhaoine óga	Ionad óige lán-inrochtana le spás tiomnaithe do chlár oibre don aos óg le feidhmiú ó, le rochtain ar chomhairleoireacht, tacaí duine le duine, obair ghrúpa, faisnéis don aos óg Ionad óige a chuireann spás sábháilte ar fáil do dhaoine óga chun bualadh le chéile, chun tacaíocht a fháil ó oibrithe óige cáilithe Deiseanna méadaithe do dhaoine óga dul i mbun obair óige agus seachadadh seirbhíse níos éifeachtaí do dhaoine óga de réir mar a bhíonn seirbhísí ar shuíomh amháin	GRETB / Obair Óige Éireann na Gaillimhe / CYPSE	Comhairle Cathrach na Gaillimhe / LCDC

Cuspóir Forbartha Inbhuanaithe	Gníomh	Toradh an Ghnímh	Príomh-Chomhpháirtí	Struchtúr Comhoibrithe
	Plean Áitiúil Spóirt Chathair na Gaillimhe 2024 – 2029 a fhorbairt	Rannpháirtíocht mhéadaithe i spóirt agus i ngníomhaíocht choirp Tacú le soláthar leanúnach Mhol Spóirt an Bhaile Bháin & Dhabhach Uisce	Comhairle Cathrach na Gaillimhe	Comhpháirtíocht Spóirt na Gaillimhe / Spórt Éireann
	Clár um Chathracha Gníomhacha na Gaillimhe a chur chun feidhme	Clár oibre a fhorbairt, a sheachadadh agus a chomhordú as a dtiocfaidh méadú ar rannpháirtíocht i spóirt, i ngníomhaíocht choirp, agus i stíleanna maireachtála gníomhacha ar fud na bpobal go léir, le béim ar leith ar dhaoine atá faoi mhíbhuntáiste eacnamaíoch nó sóisialta, atá faoi mhíbhuntáiste oideachasúil nó faoi mhíchumas Comhpháirtíochtaí éifeachtacha cruthaithe le raon leathan gníomhaireachtaí agus eagraíochtaí pobail agus an rochtain agus an úsáid is fearr is féidir a bhaint as acmhainní Meaisíní díola trealaimh spóirt faoin aer a sholáthar i 12 láthair	Comhairle Cathrach na Gaillimhe	Comhpháirtíocht Spóirt na Gaillimhe / Spórt Éireann
	Tacú le tionscnaimh agus straitéisí an Chiste Éire Shláintiúil chun cláir ghníomhaíochta coirp a fhorbairt i gcomhpháirtíocht le Spórt Éireann	Deiseanna méadaithe do ghníomhaíocht choirp i measc gach ball den phobal le béim ar leith ar limistéir faoi mhíbhuntáiste, ar dhaoine faoi mhíchumas, ar dhaoine scothaosta	Comhairle Cathrach na Gaillimhe	Coiste Stiúrtha Chathair na Gaillimhe Shláintiúil

